

MOL

BITHGHEILLEAGAIR

An Iar Thuaiscirt



CAIRDE CILL ULTA



**Cill
Ulta**
Áitiúil • Blasta • Úr

www.cillulta.ie

Cill ulta

An Fál Carrach

074 91 80994

Uimhir Chathanais Chláraithe: 16554

CLÁR AN ÁBHAIR

- Forléargas ar Chill Ulta
- Cairde Cill Ulta Comhoibrithe
- Cairde Cill Ulta
- Tionscadal Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt
- Cairt Eagrúcháin Chill Ulta
- Foireann LAN CTR - Cill Ulta
- Preab San Úir 2022
- Sainghrúpa Comairleach
- Cill Ulta - An méid atá bainte amach go dtí seo
- CAFT - Ciste um Athnuachan & Forbairt Tuaithe
- CNTB - Ciste Nuálaíochta um Teicneolaíochtaí Bunaithraitheacha
- Is iad Spriocanna an CNBT
- Scaitheanna Mhol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt
- Ballraíocht
- Foirm
- Cairde Chill Ulta go dtí seo
- Litir Tacaíochta



Forléargas ar Chill Ulta

Is fiontar sóisialta, faoi úinéireacht pobail, é Lárionad Acmhainní Nádurtha (LAN Ctr ag feidhmiú mar Chill Ulta). Tá stádas carthanachta ag an togra agus déantar iarracht rudaí maithe a chur i gcrích, agus muid dírithe ar na luachanna a bhaineann le h-inbhuanáíocht, le geilleagar ciorclach agus le tabhairt faoi athrú aeráide trí fhorbairt eacnamaíocht agus pobail agus trí chaomhnú cultúir agus teanga. Táimid tiomanta le freagraí Éireannacha a chur chun tosaigh le deileáil leis na dúshlán a bhaineann le hathrú aeráide agus le gníomhaíochtaí ar son na haeráide sa talmhaíocht a fhorbairt, leis an bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus muid dírithe ar na rudaí seo a leanas: lonchuimsiú sóisialta, díghrádú éiceolaíochta, spleáchas ar allmhairí talmhaíochta, chomh maith le meath chultúr, theanga agus dhaonra na Gaeltachta. Díritear go sonrach i gCill Ulta ar theacht aniar eacnamaíoch agus cultúrtha a chothú sa phobal trí na rudaí seo a leanas: feachtas éiceolaíochta, gairneoireacht agus talmhaíocht nádúrtha, na modhanna agus cleachtas a bhaineann le talmhaíocht athghiniúnach a chothú, fuinnimh inbhuanaithe a fhorbairt, deiseanna a chur ar fáil d'achan duine agus geilleagar ciorclach bithbhunaithe a fhorbairt.

Tá an lárionad lonnaithe ar 13 acra talaimh ag Cill Ulta, idir An Fál Carrach agus Gort an Choirce i gcoirlár Ghaeltacht Chloich Cheann Fhaola. Tá sé ar suite in Iarthuaiscirt Dhún na nGall ar an N56, thart fá 45km ó Leitir Ceanainn, ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá thar ar 4000 duine ina gcónaí sa cheantar. Fosclaíodh an lárionad sna 1960idímar fhiontar fásta trátaí a chuir táirgí ar fáil do luathmhargaidh Bhaile Átha Cliath.

Cuimsítear sa chomhlacht nua na rudaí seo a leanas:

- 1 acra faoi thithe gloine
- 7 bpolathollán táirgeachta
- 2 pholatollán tástála
- Lear cuibhreann
- Beachlann
- Saoráid chuimsitheach pacála glasraí
- Suíomh mór cruinnithe fearthainne agus taispeána

Reáchtálann Cill Ulta the Glasshouses, mar is fearr aithne air go háitiúil, mar thionscadal gairneoireachta ina mbaintear úsáid as modhanna orgánacha atá saor ó lotnaidicídí, le torthaí, glasraí agus luibheanna d'ard cháilíocht a tháirgeadh a chuirtear ar fáil don phobal trí shiopaí, bialanna, scéim boscaí agus díolacháin plandaí. Tá sé i gceist acu cur leis na táirgí trí coirce, seagal agus fraocháin ghorma a chur leis an liosta. Bhéarfadh seo deis do Chill Ulta táirgí a chur ar fáil do na grúdlanna agus na drioglanna beaga uiliga fosclaíodh sa cheantar le tamall anuas.

Cuireann Cill Ulta deiseanna traenála ar fáil don phobal trí scéimeanna Tús de chuid an BOO (ETB), agus do dhaoine óga tríd an tionscadal Preab san Úir .

Tá an lárionad lonnaithe i gceantair a bhfuil ardluach ag baint leis ó thaobh an nádúir de, i Limistéar faoi Chosaint Speisialta (Traonach) agus é buailte ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (seilide glas fáinneach). Tá an suíomh foirfe fá choinne tabhairt faoi mheath cultúir, talmhaíochta agus éiceolaíochta, agus d'fhéadfadh eolas tábhachtach a thógtar a roinnt le ceantair eile sa tír agus san Eoraip. Is é an sprioc fadtéarmach ná leanstan d'fhorbairt Chill Ulta, agus cur le traenáil breise agus le fostaíocht sa cheantar.



Tá an athrú aeráide ag cur isteach go mór ar ár ngeilleagar, ar ár sochaí agus ar ár dtimpeallacht agus sin mar a bheas. Mar is mó a éireoidh na bagairtí ón athrú aeráide, mar is tábhachtaí gníomhaíocht láithreach le deileáil leo. Caithfear astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú de 30% ar a laghad, sprioc de 32.5% ar a laghad in éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus 70% d'fhuinneamh inathnuaite a sholáthar mar thús.

Tuigimid anseo i gCill Ulta, go gcaithfimid gníomhú le tionchar athrú aeráide ar an phobal áitiúil a laghdú, agus sin an tuige a dhírímid ar leithéidí cheapadh carbóin, córais bia atá seasmhach ó thaobh na haeráide, úsáid talaimh inbhuanaithe, bithéagsúlacht, éifeachtúlacht in úsáid uisce, feasacht agus lonchuimsiú pobail. Bhí na tionscadail gníomhaithe ar son na haeráide a rinne muid roimhe dírithe ar thionscadail le húsáid níos fearr fuinnimh a chur chun cinn sa phobal, laghdú carbóin ó shuíomh LAN, ceapadh carbóin agus gnímh oiriúnaithe ar son na haeráide, leithéidí maolú agus cosaint ar thuillte, agus bithéagsúlacht.

Tá Cill Ulta ag tógáil leo ar a bhfuil bainte amach go dtí seo maidir le sochaí, eacnamaíocht, timpeallacht agus cultúr de tríd an tionscadal, Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt, agus tá athchoimre ar a bhfuil bainte amach go dtí seo in Aguisín 3.

Cill Ulta & Comhoibrithe

Tá Cill Ulta ag comhoibriú le E-Crop, E-Seed, SeqBiome agus Origin Enterprise on thionscadal Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt a fhorbróidh tionscal teicneolaíochta miocróbaí a bheas bunathraitheach, nuálach in Éirinn. Is é atá i gceist sa tionscadal seo ná úsáid a bhaint as miocróbaigh a tharlaíonn go nádúrtha sa timpeallacht le theacht aníos le bealaí úra le h-inbhuanáíocht tháirgeadh barr a chinntiú. Sa tionscadal seo forbrófar dóigheanna le deileáil leis na dúshláin gan fasach atá romhainn agus muid ag iarraidh go leor barr a tháirgeadh leis an éileamh ar phróitéin plandaí a shásamh, agus muid ag iarraidh gan a bheith ag bráth ar cheimiceáin lenár n-éiceachórais a choinneáil beo agus leis an ithir a choinneáil sláintiúil. Sna deich mbliana atá amach romhainn, faoi Shocrú Glas na hEorpa (EU Green Deal), beidh orainn úsáid leasacháin a laghdú de 25% agus an úsáid a bhainimid as ceimiceáin, le h-aicíd agus le lotnaidí a smachtú, a laghdú de 50%.

E-Crop: Mac-cuideachta é, ó Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, a fhorbróidh uirlisí tréachur arda a thomhaiseann éagsúlacht mhiocróbach in ithreacha agus i bplandaí mar bith-tháscaire ar a sláinte, agus a fhorbróidh foirmithe miocróbacha ar féidir a úsáid ar bharr leis an táirgiúlacht a fheabhsú agus lena frithsheasmhacht in éadan aicídí agus strus aibitheach a láidriú. Tugtar tacaíocht do na comhpháirtithe E-Crop ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

E-Seed: Mac-cuideachta eolaíocht talmhaíochta é, ó Choláiste an Tríonóide agus ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ina bhfuil saineolas ar leithlisiú agus sainaithint miocrób ó speicis fhiáine a bhfuil gaol acu leis na barra, agus ar chruthú na dtáirgí cuí do mheasúnacht agus do bailíochtú trachtála i gcórais talmhaíochta.

SeqBiome: Is GBM (SME) nua é a d'eascair ó ionaid bairr feabhais do mhiocróbithóim atá aitheanta ar fud an domhain: APC Microbiome Ireland, Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Cuireann siad seicheamhú idirghníomhach d'ardchaighdeán agus anailís miocróbithóm ar fáil, do lucht acadúil agus lucht tionscail ar fud an domhain. Tá saineolas acu ar anailís géanómaíochta a dhéanamh ar shamplaí de mhiocróbithóim choimpléascacha agus ar fhorbairt tástáil bith-tháscaire.

Origin Enterprise: Is soláthraí mór pór talmhaíochta san Eoraip iad agus iad ar cheann de na comhairleoirí agranamaíochta is mó sa Ríocht Aontaithe. Téann siad i bhfód ar an mhargadh agus tá láithreachtaí láidir acu go háirithe sa Ríocht Aontaithe agus in Oirthear na hEorpa. Tá Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus E-Seed i ndiaidh bheith ag comhoibriú go dlúth le Origin Enterprises le dhá bhliain anuas, agus iad i mbun triallacha móra allamuigh ar eorna i dtíortha áirithe. Agus iad ina gceannairí margaidh, tugann siad comhairle ar riachtanais don mhargadh agus ar an stráitéis is fearr do tháirgí. Thug siad comhairle dúinn maidir lenár straitéis mhargáíochta agus mar gheall air sin is comhpháirtithe tábhachtacha iad dúinn i gcónaí.



Cairde Chill Ulta

Tá Cairde Chill Ulta á chur le chéile mar ghrúpa tacaíochta, a chuideoidh i gcur i gcríoch tionscadal Chill Ulta mar áis fhiúntach don phobal agus d'earnáil an gheilleagair ghlais go ginearálta. Beidh baill de Chairde Chill Ulta ábalta airgead a chur isteach i dtionscadal Chill Ulta, mar charthanacht chláráithe agus mar charthanacht pobail sheachbhrabúsach. Cuideoidh na rannpháirtithe seo le Cill Ulta na bunchuspóirí pobail agus timpeallachta a bhaint amach. Bhéarfaidh sé deis do rannpháirtithe cuidiú agus tacaíocht a thabhairt don tionscadal spreagúil seo, a bhfreagracht shóisialta chorpáraideach a chomhlíonadh agus ag an am chéanna cur leis na hiarrachtaí ar son na haeráide agus na h-inbhuanaitheachta.

Tionscadal 'Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt'

Tá deis aimsithe ag Cill Ulta, agus ag a chomhoibrithe, tabhairt faoi thionscadal athnuachan tuaithe atá tábhachtach agus a dheanfas difir mór don cheantar; Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt, 'an Mol', a chuirfidh leis an earnáil bhitheagair atá ag méadú in Iarthuaisceart na hÉireann.

Agus níos mó ná grúpa amháin ar an tsuíomh chéanna, beidh na buntáistí móra a bhaineann le h-ionad gairneoireachta agus inbhuanaithe Chill Ulta ina gcuidiú mhór ag an Mhol.

Beidh áiseanna ar fáil ag an Mhol le h-anailís a dhéanamh ar cheapaigh tástála ar leith, agus teacht ar bhithleasacháin agus ar mhodhanna oibre atá athghiniúnach agus nádúrtha ó thaobh sláinte plandaí agus saibhreas ithreach de. Luíonn seo go deas lenár gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach inar rannmuid le feirmeoirí áitiúla, an t-eolas agus na dóigheanna leis an ithir a shaibhriú agus le paiste talaimh bháin a úsáid. Agus é lonnaithe go háisiúil san Iarthuaisceart, cuirfidh áiseanna an Mhoil deiseanna ar fáil do líonrú agus do chomhoibrithe le daoine eile i dtionscadail eile amach anseo.

Beidh áiseanna nua-aimseartha ar fáil sa Mhol ar shuíomh de c.950 m cearnógach taobh istigh de lárionad Chill Ulta agus cuirfear ar fáil:

Aonaid Fiontraíochta:

Beidh deich n-aonad fiontraíochta san áit mar thacaíocht ar dheichGBM (SME) atá ag teacht le spriocanna an Mhoil.

Comhúsáid áiseanna saotharlainne agus nuála i dteicneolaíocht:

Aonaid saotharlainne teicniúla, a bhaineann leis na GBM, i bpáirt, mar aon le taighdeoirí ó chian i réimse an bhitheagair, agus ar an láthair beidh saotharlann ullmhúcháin (a mbeidh doirtil agus uathcláimh inti), seomra do shaothráin mhiocróbacha (a mbeidh áiseanna ann do shaothráin chreatha agus iad siúd gan bogadh), agus seomra shaothrán plandaí (ina mbeidh áiseanna ann do hidreaponaic agus do phóru ghasta).

Áiseanna Oideachais agus Cruinnithe:

Beidh 3 sheomra cruinnithe/comhoibrithe ann a choinneoidh 50 suíochán, 20 suíochán agus 10 suíochán, agus a mbeidh trealamh closamhairc iontu. Sna seomraí seo beidh tionóntaí agus baill na nGBM ábalta teacht le chéile, agus beidh deis ann clár oideachais faoi leith agus ócáidí a bhaineann leis an mhol nó a ghníomhaíochtaí a reáchtáil.



Ligean do 100 fiontraithe/foghlaimoirí ón tionscal bithgheilleagair buntáiste a bhaint as ngníomhaíochtaí ár n-ionad eolais

·Ligean do 60 taighdeoir a dtionscadail a bhunú sa Mhol, agus naisc a chothú le lucht gnó na háite


·Cuidiú a thabhairt do 60 intéirneach fostaíocht a fháil i mballgnólachtaí a chuirfidh le dul chun cinn a ngairm

Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt

Athchoimriú ar mhaoiniú

Tá maoiniú de €488,017 de dhíth leis an Mhol a bhunú go ceann trí bliana leis an chaiteachas seo a leanas a chlúdach: Maoiniú de €421,050, tá 88% den mhaoiniú cinntithe, rud a fhágann gannchion 12%. Tá láimhdeachas bliantúil de €467,647 ag Cill Ulta (cuntais 2021) a chuimsíonn deontaisí ón Rialtas, gníomhaíochtaí tráchtála an tionscadail agus comhairliúchán pobail, féach Aguisín 7 do bhriseadh síos iomlán ar na costaisí.

Na Buntáistí a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don tionscadal ‘Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt’



Cairt Eagrúcháin Chill Ulta

Lárionad Acmhainní Nádurtha
Bord Stiúrtha

Bainisteoir LAN CTR

Riarachán Tionscadal

1. Bainisteoir Tionscadail
2. Riarthóir Airgeadais
3. Riarthóir Oifige

Fochoiste Airgeadais

1. Cisteoir LAN CTR
2. Bainisteoir LAN CTR

Grúpa Oibríochta Cúlra Créfoige

1. Bord Stiúrtha LAN CTR
2. Saineolaithe Tionscadal

Príomhghnaireoir

Foirne Oibríochta

Tacaíocht Bhreise

1. RSS
2. Tús
3. Oibreoirí deonacha

Éiceolaithe Chúlra Créfoige

Preab San Úir

1. Comhordaitheoir
2. Taithí Oibre do dhaoine óga

Curaíocht an Phobail

Crúpa Comhairleachta

1. Feirmeoirí áitiúla
2. Éiceolaithe
3. SPNF (NPWS)
4. Saineolaí mbainistíocht talaimh
5. Forbairt Gnólachta



Bord & Coiste Stiúrtha Cill Ulta

Bearnaí Ó Gallchoir
Cathaoirleach

Eithne Nic Lochlainn

Mairead Nic an Iomaire

Thomas McClafferty

John Cannon

Padraic McClafferty

Larry McCurry



Foireann Chill Ulta

Grúpa Riartha Togra

Eithne Nic Lochlainn
Mairéad Nic an Iomaire

Fochoiste Airgeadais

Cordelia Nic Fhearraigh
Róisín Mhic Aoidh

Grúpa Oibríochta Cúlra Créfoige

Máire Nic Fhearraigh
Veronika Mc Nulty

Príomh Ghairneoir & Éiceolaí Cúlra Créfoige

Veronika Mc Nulty

Curaíochta an Phobal

Róisín Mhic Aoidh

Grúpa Comhairleachta Ad Hoc

Eoin Gallagher (ar chonradh)

Foireann Oibríochta

7.5 d'fhoireann oibríochta faoin Chlár um
Seirbhísí Pobail

Tacaíocht Breise

RSS
TÚS
Oibrithe Deonacha

Preab San Úir

Comhordaithe agus 10 duine óg,
idir 14 bliana -17 mbliana faoi
Údarás na Gaeltachta & An
Pleanáil Teanga



An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie Mc Conalogue
TD, le foireann agus Bord Stiúrtha Lárionad Acmhainní
Nádúrtha LAN CTR (ag feidhmiú mar Cill Ulta)

Preab San Úir 2022



Rannpháirtithe Preab San Úir a ghlac páirt in Acadamh Samhraigh 'AER', inDhún na nGall, i gcuideachta Jack Chambers TD, Príomh-Aoire an Rialtais, an tAire Stáit Spóirt, na Gaeltachta & Cosanta



Sainghrúpa Comairleach

An tOllamh Fiona Doohan



Rinne Fiona stáidéar ar mhicribhitheolaíocht i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus i bpaiteolaíocht plandaí i John Innes Centre (PhD, 1998). I ndiaidh stáidéar iardhochtúireachta a dhéanamh i John Innes, bhog sí go COBÁC agus ceapadh mar léachtóir i bpaiteolaíocht mhóilíneach plandaí í. I 2014 ceapadh mar ollamh comhlach í. Bhí sí i gceannas ar go leor forbairtí eolaíochta i COBÁC agus ar bhonn náisiúnta, clár náisiúnta traenála dochtúireachta faoin Domhan agus na hEolaíochtaí Nádurtha ar cheann acu. Fusarium, dúchan ar chruithneacht, an aicíd is mó suime aici, agus ina dhiaidh sin Septoria Tritici, duillestmál i gcruithneacht. Tá a foireann dírithe ar na rudaí seo a leanas a aithint: géinte a éascaíonn pórú frithsheasmhach in éadan galar, infítí a chothaíonn frithsheasmhacht na bplandaí in éadán galar agus teicneolaíochtaí a éascaíonn innealtóireacht ghéiniteach plandaí. Bhí sí i gceannas ar chlár traenála CEREALPATH ENT roimhe agus is í comhordaitheoir eolaíochta an tionscadal nuálaíochta H2020 san am atá i láthair, chomh maith le bheith i gceannas tionscadal Healthy Oats atá maoinithe faoin Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Mícheál Ó hEanaigh

Forbairt Réigiúnach, Rialachas Áitiúil, Pleanáil Straitéiseach, agus Forbairt Tionscadail. Tá taithí fhairsing ag Michael Heaney (Mícheál Ó hEanaigh) agus d'oibrigh sé i ról cheannaireachta agus ardbhainistíochta sna hearnálacha reachtúla, rialtais áitiúil, forbartha áitiúla, agus pobail agus cultúrtha.

Forbairt Réigiúnach, Rialachas Áitiúil, Pleanáil Straitéiseach, agus Forbairt Tionscadail. Tá taithí fhairsing ag Michael Heaney (Mícheál Ó hEanaigh) agus d'oibrigh sé i ról cheannaireachta agus ardbhainistíochta sna hearnálacha reachtúla, rialtais áitiúil, forbartha áitiúla, agus pobail agus cultúrtha.

Le déanaí, chríochnaigh Michael téarma mar Phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, gníomhaireacht stáit na hÉireann a bhfuil freagracht as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha i réigiún Ghaeltacht na hÉireann. Roimhe sin, chaith Michael sé bliana déag ina Stiúrthóir Pleanála, Forbartha Eacnamaíochta, Seirbhísí Cultúrtha agus Seirbhísí Pobail le Comhairle Contae Dhún na nGall.

Tá taithí fhairsing ag Mícheál ar fhorbairt go réigiúnach (lena n-áirítear tionscadail trasteorann agus trasnáisiúnta), pleanáil straitéiseach, cur i bhfeidhm tionscadail, infheistíocht fiontraíochta agus isteach, tógáil cumais, inbhuanaitheacht, agus in earnálacha an phobail, an chultúir agus na n-ealaíon.

Bhí sé freagrach as pleanáil do réimse tionscadal straitéiseach, agus cur i bhfeidhm, in earnálacha ar nós an gheilleagair ghlais, an gheilleagair ghoirm, an gheilleagar cruthaitheach, an turasóireacht agus rannpháirtíocht diaspóra.

Faoi láthair, tá post ag Michael mar Leas-Uachtarán an Assembly of European Regions, (AER), chomh maith le freagracht shonrach ar thurasóireacht, cultúr agus óige. Tá Michael ar an mbord Cooperative Housing Ireland, Irish College Leuven, Asia Matters agus Turasóireacht Dhún na nGall.



Sainghrúpa Comairleach

Lorcán Ó Tuathailh



Tá Lorcán ag gníomhú mar chomhairleoir i gCill Ulta ó bhí 2017 ann agus chuidigh sé leis an chomhlacht agus an CNE(EIP), Cúlra Créafóige, a chur i bhfeidhm i 2019. Is ball é den CNE(EIP) OG and tugann comhairle leanúnach agus é a chur i bhfeidhm. Bíonn Lorcán ag obair leis an Irish Golden Eagle Trust, agus oibríonn sé go dlúth leis an SPNF (NPWS) agus é ag stiúradh an tionscadail a bhaineann leis an iolar fíréan a thabhairt ar ais chuig Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.


Tá thar ar 25 bliana de thaithí aige in obair chomhtháite allamuigh agus i dtionscadail ina bhfuil rannpháirteachas le páirtithe leasmhara fud fad na hEoraipe, na tíortha seo ina measc: Éire, an tSualainn, an Ghearmáin, an Iorua, an Bhreatain bheag agus Albain. Bhí na postanna seo a leanas aige chomh maith- Bainsiteoir ginearálta do na tionscadail GET uilig agus ina measc siúd tionscadail leis an chúr rua agus an Iolar mara a thabhairt ar ais; Suirbhéireacht Náisiúnta na hÉireann ar chroman na gcearc 2010; saineolaí ar theicnící éagsúla taighde ar Éin Chreiche; Maor caomhantais le Dúchas; maor do gheabhróga Chloch Dábhíolla le Cairde Éanlaith Éireann; thug sé saineolas agus tacaíocht do SPNF(NPWS) agus plean bainistíochta na dtraonach á chur i bhfeidhm; Chuir sé ar fáil tuairisc theicniúil don SPA (Limistéar faoi Chosaint Speisialta) agus plean um bainistiú caomhantais; Chuidigh sé le forbairt an phlean gníomhaíochta maidir le Cearca Fraoigh agus d'obair sé le coiste NARGC maidir le cearca fraoigh.

Tá tuiscint ar leith ag Lorcán ar an chúlra comhshaoil, sochaí agus cultúrtha agus ar an tábhacht a bhaineann leis na rudai seo, go hairithe i nDún na nGall: gilleagar tuaithe, pobal, cleachtas agus caomhnú speicis agus gnáthóga.

Finbarr Bradley

Le deich mbliana anuas, tá cúrsaí a bhaineann le fiontar ghlasa á reachtáil ag Finbarr i gColáiste Ollscoile BÁC agus i gColáiste na Tríonóide, BÁC. Bhí sé ina ollamh Airgeadais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a raibh sé ina stiúrthóir bhunaidh den Lárionad Gaelach, Fiontar. Chaith sé tamall ina ollamh in Ollscoil Mhagh Nuad agus mar ollamh ar cuairt in go leor áiteacha, Ollscoil Mhichigan, Ollscoil Eacnamaíochta & Gnó, Vín, Scoil Ghnó Chopenhagan agus Ollscoil Aalto, An Fhionlann, ina measc. Tá go leor leabhar scríofa aige as a stuaim féin agus le daoine eile fosta, ina measc Digging Deeper:

Purpose-Driven Enterprises Create Real Value (2017), The Irish Edge: How Enterprises Compete on Authenticity and Place (2013), agus Capitalising on Culture, Competing on Difference (2008). Thosaigh sé amach ag obair le GE sna SA agus sa Chóiré Theas. Tá céim aige san innealtóireacht leictreach ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus PhD san Airgeadas Idirnáisiúnta ón Stern School of Business, Ollscoil Nua Eabhraic (NYU).



Sainghrúpa Comairleach



Brendan Kearney

Is ball dárgclár CNE (Comhphairtíocht Nualaíochta Eorpach) OG é Brendan, a thugann comhairle agus tacaíocht leanúnach dúinn agus an clár á chur i bhfeidhm. Tá sé ag feidhmiú mar chomhairle don chomhlacht ó bhí 2004 ann. Is é Brendan an stiúrthóir feidhmiúcháin de Brendan Kearney and Associates, a thugann sainchomhairleoireacht in eacnamaíocht na talmhaíochta agus i bpolasaí forbairt tuaithe. Bhí sé ina leas-stiúrthóir ar an Fhoras Talúntais (The Agriculture Institute), agus i gceannas ar an ionad taighde san eacnamaíocht tuaithe go dtí 1989. Ar na freagrachtaí a bhí aige bhí pleanáil, ag smachtú agus ag stiúradh an clár taighde in anailís polasaí, costais táirgthe, margaíocht agus forbairt tuaithe.



Cill Ulta - An Méid Atá Bainte Amach Go Dtí Seo

Curaíocht an Phobail (EIP-AGRI): ag cur chun cinn tionscal talmhaíochta láidir, athléimneach, inmharthanach ó thaobh eacnamaíochta de, in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Tionscal a chuirfeas chun tosaigh modhanna oibre agus cleachtas atá inbhuanaithe, agus a chloíonn le Reachtaíocht agus le Treoracha atá ag teacht chun cinn maidir leis an aeráid agus leis an comhshaoil.

Traenáil/Fostaíocht: cuirtear ar fáil réimse leathan ceardlanna/fostaíochta a bhaineann leis na rudaí seo a leanas: bhithéagsúlacht, caomhantas, táirgeadh bia ar bhonn inbhuanaithe, biafhláitheas, ceardaíocht dhúchais agus oidhreacht arna maoiniú ag BOO(ETB) agus ag Údarás na Gaeltachta.

Plean Gníomhaíochta Phobal Chill Ulta um Bhithéagsúlacht: ag déanamh maoirseachta ar fhorbairt Phlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht don bhaile fearainn Chill Ulta uachtarach agus íochtarach, arna maoiniú ag Fhondúireacht Phobail an hÉireann.

Bia Cósta Dhún na nGall: ag tacú le tionscnamh de chuid Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na Gall atá ag iarraidh aird a dhíriú ar ghnólachtaí áitiúla bia agus cuidiú leo turasóireacht inbhuanaithe bia a fhorbairt sa cheantar.

E-Crop: ag comhoibriú le COBÁC(UCD) agus le tionscadail agus le ceannairí eile acadúla, le teicneolaíocht talmhaíochta nuálach a fhorbairt a bhéarfas an tacaíocht cuí d'fheirmeoirí agus iad ag iarraidh táirgeadh barr ionchuir ísil a sholáthar agus a mheas.

Sciath Bia: ag comhoibriú le hínstitúidí taighde de chuid an Rialtais, agus trasteorann, le córas digiteach rianú táirge bia a fhorbairt a chlúdóidh córas iomlán an bhia ar oileán na hÉireann.

ÚFIÉ (SEAI): Bhunaigh PFI (Pobal Fuinnimh Inmharthana) & d'fhostaigh IT Shligigh mar Mhaor Chontae agus an PFI á bhunú:- le mórfhlean fuinnimh a fhorbairt; le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh/ghnólachtaí/ phobail i dtearcrochtain fuinnimh, le h-uasghrádú tíosach ar fhuinneamh a chinntiú dóibh; thug aitheantas do Limistéar Dícharbónaithe Chomhairle Chontae Dhún na nGall.



Cill Ulta - An Méid Atá Bainte Amach Go Dtí Seo

Suíomh taispeána do tháirgeadh fuinnimh inbhuanaithe: suíomh taispeána a fhorbairt do chóras fótvoltach gréine a chuirfeas leictreachas ar fáil sa phríomhfhoirgneamh agus seomra scíste ilchuspóireach atá saor ó charbóin do bhaill de Mheabharshláinte Éireann, do bhaill teaghlaigh agus do chúramóirí. Tá iarratas istigh againn le Comhairle Contae Dhún na nGall san am atá i láthair ag cuartú maoinithe fá choinne gairdín na gcéadfaí a bheadh taobh leis an spás do dhaoine muinteartha. Taobh istigh den ghairdín seo beidh díleatóir anaeróbach a chuirfeas breosla ar fáil do shorn bithgháis. Tiocfaidh bunábhar don dhíleatóir anaeróbach ó bhaill den phobail chomh maith le hábhar orgánach na bpollathollán agus na dtithe gloine ar an tsuíomh. Seo coincheap an gheilleagair ciorclaigh a d'fhéadfadh a bhaint amach áit ar bith, agus beidh an áit mar shuíomh taispeána do réimse do ghnéithe inbhuanaithe.

Biochar: San am atá i láthair táimid ag cruinniú eolais maidir le saoráid bithghualaigh a chur ar obair ar an tsuíomh, a cheapadh carbón ó dhramhaíl plandaí agus cairtchláir a bhíonn ag Cill Ulta agus ag gnólachtaí an phobail (i.e. fuílleach ghlasraí agus torthaí ó na siopaí & bialanna). Tá Cill Ulta i mbun tástála ar an luach cothaithe a bheadh ag bithghualach, measctha le múirín, mar leasú. Bhéarfaidh muid aiseolas ansin mar phainéal comhairleach don chomhlacht a tháirgíonn bithghualach.



CAFT - Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe

Cuirtear an maoiniú, CAFT catagóir 2, ar fáil ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobaildo thionscadail athnuachan tuaithe i mbailte agus i sráidbhailte a bhfuil daonra de níos lú na 10,000 iontu. Tionscadailstraitéiseacha ar mhórsála atá i gceist le Catagóir 2, a mbíonn maoiniú breise de dhíth orthu ag an tús, gur féidir tús a chur le hobair a éascódh iarratas a dhéanamh ar stádas catagóir 1 faoin CAFT. Bíonn comhpháirtíocht i gceist leis na tionscadail seo idir Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit nó Poiblí, údarás áitiúil agus pobail, agus fiú maoinitheoirí daonchairdiúla agus/nó an earnáil phríobháideach. Ar an ábhar sin ba é Údarás na Gaeltachtaí bpáirt le Cill Ulta a chuaigh i ngleic leis an iarratas.

Féachtar le CAFT le h-infheistiú a fháil a chinnteoidh fás cothrom réigiúnda. Le hÚdarás na Gaeltachta an láthair tionscadail, Cill Ulta, a chuirfeas áiseanna den chéad scoth ar fáil agus a chruthóidh deiseanna fostaíochta agus postanna inbhuanaithe i gceantar tuaithe in earnálacha an bhithgheilleagair, agus a dhéanfas an baile fearthainn ar fad a athbheochan. Tá an ciste seo riachtanach leis an earnáilbhithgheilleagair atá ag fás i dtuaisceart na hÉireann a láidriú agus a fhorbairt. Tá €196,120 aimsithe don tionscadal seo ón CAFT agus is buntáiste mór é an suíomh gairneoireachta agus inbhuanaithe atá ag Cill Ulta cheana féin.

CNTB: Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Is ciste é CNTB a cuireadh ar bun faoin Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2018 – 2027. Is é an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a dhéanann é a bhainistiú agus is é Fiontraíocht Éireann a dheanann é a riar. Bíonn CNTB ag cuartú infheistiú i bhforbairt agus in úsáid theicneolaíocht bhunathraitheach nuálach, ar bhonn tráchtála, a chuideoidh le dul i ngleic le dúshlán náisiúnta agus domhanda. Tá comhoibriú ar siúl idir ár n-ionad taighde den scoth, agus tionscal, á maoiniú ag an chiste agus tugtar deis d'fhiontair dul díreach i gcomórtais maoinithe leis na teicneolaíochtaí seo a fhorbairt agus a chur in úsáid agus le tús a chur le sraith eile fiontair óga. De réir Fiontraíocht Éireann is ionann teicneolaíocht bhunathraitheach agus ceann a d'fhéadfadh margaí, agus an dóigh a fheidhmíonn siad, a athrú go hiomlán, agus difir mór a dhéanamh sa dóigh a reáchtáiltear gnólachtaí. Ní teicneolaíocht amháin atá i gceist ach teicneolaíocht agus nuálaíocht maidir le múnla gnó.



Is iad Spriocann an CNTB:

- Tacú le fiontair in Éirinn na deiseanna fiontraíochta a bhaineann le “teicneolaíochtaí bunathraitheacha” a úsáid leis an riosca a bhaint as tionscadail comhoibríocha.
- Tacú le fiontair in Éirinn a bheith ag comhoibriú, sa dóigh go n-aithneofar na dúshláin a bhaineann leis na “teicneolaíochtaí bunathraitheacha” nua seo, agus go mbeidh siad réidh le dul i ngleic leo mar a athraíonn siad an dóigh a mbeidh muid beo agus ag obair amach anseo.
- Tógáil ar an taighde a dhéantar in Éirinn agus le cur leis trí thacaíocht a thabhairt do chur i láthair agus úsáid taighde nua bunaithe ar an theicneolaíocht.
- Níos mó comhoibrithe a chaomhnú idir na hearnálacha poiblí agus príobháideach i bpríomhghnéithe teicneolaíochta agus, go háirithe, tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú idir gnólachtaí móra agus GBM (SME) in Éirinn.
- Mac-chuideachta agus cuideachtaí altrama agus gníomhaireachtaí eile do ghnólachtaí nuathionscanta a bhaineann le teicneolaíochtaí bunathraitheacha a láidriú.
- Fiontair Éireannacha agus comhlachtaí pobail a ullmhú le tabhairt faoi comhpháirtíocht Eorpach agus domhanda maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí bunathraitheacha.
- An Nuálaíocht a chur chun cinn agus comhoibriú a bhrú idir fhiontair na hÉireann agus a cuid taighde.

Go bunúsach, tugann CNTB maoiniú do thionscadail comhoibrithe a léiríonn nuálaíocht bunaithe ar theicneolaíocht bhunathraitheach, comhoibriú:

- a athróidh margaí
- a athróidh an dóigh a reáchtáiltear gnó
- a bhainfidh le táirgí úra nó le dóigheanna nua le gnó a reáchtáil.



Sraitheanna Mhol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt

Beidh cur chuige ilghnéitheach ag Mol Bithgheilleagair an Iarthuaiscirt, ó mhol aistrithe eolais ina gcuirfear ar fáil áiseanna oideachais agus forbartha, ag comhoibriú maidir le taighde agus forbairt sa bithgheilleagar, go háiseanna teicniúla, ceapaigh tástála agus saotharlanna beo, chomh maith le haonaid do fhiontair óga.



Ballraíocht

Cuireadh Cairde Chill Ulta ar bun le deis a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí éagsúla, chomh maith le daoine aonracha, clárú mar thacadóirí agus 'Cairde' do Thionscadal Pobail Chill Ulta. Tríd an Clár úr seo beidh deis ag daoine ar suim leo, cuidiú leis an obair thábhachtach atá idir lámha ag Cill Ulta agus iad ag iarraidh an inbhuanaitheacht agus forbairt pobail a chur chun cinn, an Ghaeilge agus an chaomhnú, agus inniúlacht a mhéadú. Bhéarfad deis do rannpháirtithe Chairde Chill Ulta cuidiú le SFSnna agus le rialachán eacnamaíoch sóisialta a chur chun cinn, a rachaidh chun sochair áitiúla, réigiúnda, náisiúnta agus leoga domhanda.

Beidh baill Chairde Chill Ulta ag cuidiú ar dhóigh phraiticiúil, fhollasach le cur chun cinn na h-inbhuanaitheachta, le tabhairt faoi laghdú carbóin agus le dea-chleachtas a chur chun tosaigh maidir leis an bhiogheilleagar. Tabharfar aitheantas poiblí dóibh mar lucht tacaíochta an tionscadail agus na spriocanna inbhuanaitheachta a bhaineann leis. Tabharfar cuireadh do bhaill Chairde Chill Ulta páirt a ghlacadh in ócáidí eolais eile cuí i gCill Ulta, agus cuirfear an t-eolas is deireanaí chucu go rialta agus coinneofar ar an eolas iad maidir le cur i bhfeidhm stráitéis agus clár oibre an tionscadail.

Tabhair tacaíocht do Chairde Chill Ulta agus clár oibre 2023 á chuir i gcrích acu, trí urraíocht a thabhairt don tionscadal trí cheann de na roghanna seo a leanas:

Ballraíocht Cré-Umha €100

Ballraíocht Airgid €250

Ballraíocht Óir €500

Ballraíocht Phlatanaim €1000

Cuirfear fáilte roimh achan deonacháin ag bráth ar inacmhainneacht d'eagrais





CAIRDE CILL ULTA 2023

Cill Ulta
An Fál Carrach
Co. Dhún na nGall
F92 WF60

074 9180994
mairead@cillulta.ie

Sonraí Ballraíocht

Ainm an deontóir

Seoladh an Chomhlacht

más cuí

Seoladh

Uimhir guthán

Ríomhphost

Is féidir deontas a dhéanamh do Cairde Cill Ulta

Uimhir cúntas:

16955135

IBAN:

IE38 BOFI 9051 1716 9551 35

Pacáiste Ballraíocht

BALLRAÍOCHT CRÉ UMHA

€100

☐

BALLRAÍOCHT AIRGEAD

€250

☐

BALLRAÍOCHT ÓIR €500

☐

BALLRAÍOCHT PLATANAM

€1000

☐

CUIRFEAR FÁILTE ROIMH ACHAN DEONACHÁIN AG
BRÁTH AR INACMHAINNEACHT D'EAGRAIS

Déan teahmháil le
Mairead@cillulta.ie
074 9180994

**Cill
Ulta**
Áitiúil • Blasta • Úr

Cairde Chill Ulta go dtí seo



MCCLAFFERTY'S





**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



DÚN NA nGALL

TÁ SÉ IN ÁR DNA

29th September 2022

To Whom It May Concern,

The Economic Development Unit of the Donegal County Council wish to record our strong support for the ongoing work by Cill Ulta Lárionad Acmhainní Nádúrtha (LAN Ctr operating as Cill Ulta), a social enterprise, and in particular its fundraising efforts in development of the North West Bioeconomy Hub.

The social enterprise has secured funding as part of a wider €1.5m Disruptive Technologies Fund initiative to develop innovative farming technologies and tools for farmers and the agriculture sector to improve and monitor crop health in the development of the North West Bioeconomy Hub.

Donegal County Council has already provided both financial and project assistance in the development of the Hub and by extension the Disruptive Technologies Fund.

The Disruptive Technologies Fund is a highly competitive fund and to secure a project of this nature in Donegal is particularly significant given the county's ongoing ambitions to drive innovation capability. This project focuses primarily on the agricultural and food sector which is a sector of strategic importance in Donegal and aligns with the priority objectives set out in the recently launched Donegal Strategic Enterprise Development Plan and the Regional Enterprise Strategy.

We hereby declare our commitment to support this project to continue the development of Cill Ulta Lárionad Acmhainní Nádúrtha (LAN Ctr operating as Cill Ulta), and we look forward to deepening our partnership with the group into the future.

Yours sincerely,

Steven Perry
Economic Development Officer
Economic Development Unit
Donegal County Council



Údarás na
Gaeltachta

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga,

Co. Dhún na nGall, F92 E09T

+353 (0) 74 95 60100 +353 (0) 74 95 60101

eolas@udaras.ie www.udaras.ie

11 Deireadh Fómhair 2022

Don té lena mbaineann

A chara,

Is mian liom a chur in iúl go gcuireann Údarás na Gaeltachta fáilte roimh na pleananna forbartha atá an Lárionad Acmhainní Nádurtha CTR i bhfoirm fheachtas urraíochta a thionscnamh le plandaí céadfacha, áit suí, spás do chócaireacht faoin spéir agus nithe gaolmhara a fhorbairt ar a láthair i gCill Ulta

Tuigeann muid go mbeidh spás forbartha chomh maith do pháirceáil do dhaoine faoi mhíchumas agus go bhfuil sé i gceist painéil gréine le 6 kw fuinnimh in-athnuaite a insealbhú, rud a luíonn go nádúrtha le straitéis inbhuanaitheachta an tsúimh.

Is cinnte gur togra dúshlánach, fad radharcach, nuálaíoch é seo agus ba mhaith linn ár dtacaíocht láidir a léiriú ina leith

Le dea ghuí

DocuSigned by:

Micheál Mac Giolla Easpaig

1653D8734B9D45B...

Micheal Mac Giolla Easbuig

Bainisteoir Réigiúnach – Dún na nGall



ARD OIFIG

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA

Páirc Ghnó an Daingin,
Baile an Mhuilinn,
Daingean Uí Chúis,
Co. Chiarraí
V92 TX48

Áislann Bhéal an Mhuirthead,
Bóthar an tSéipéil,
Béal an Mhuirthead,
Co. Mhaigh Eo
F26 W5H0

Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre,
Baile Mhic Íre,
Co. Chorcaí
P12 E277